# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

# LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

**THALL →**

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar:- (35)

Est mollis flamma medullas
interea et tacitum vivit sub pectore vulnus.
uritur infelix Dido totaque vagatur
urbe furens, qualis coniecta cerva sagitta,
quam procul incautam nemora inter Cresia fixit
pastor agens telis liquitque volatile ferrum
nescius; illa fuga silvas saltusque peragrat
Dictaeos; haeret lateri letalis harundo.

**VEIRGIL**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá cúig mharc déag ag dul le gach ceist):- (45)

- **(a)** Inis go hachomair conas mar a tháinig Aeinéas chuig An Chartaig.
- **(b)** Conas a d'iompair Díodó í féin chomh luath agus a thit sí i ngrá le hAeinéas?
- **(c)** Cén fáth ar fhág Aeinéas Díodó agus cén fáth ar sheol sé amach chun farraige?
- **(d)** Cad a rinne Díodó nuair a d'fhág Aeinéas í?
- **(e)** Cuirtear Díodó i gcomparáid le fia gointe. An comparáid mhaith é seo? Luaigh cúis le do fhreagra.
- **(f)** Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar Veirgil.
- **(g)** Seachas an sliocht seo cén dán nó sliocht ar do chúrsa is mó ar bhain tú taitneamh as? Luaigh cúiseanna le do rogha.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Déanann Scipio ionradh ar an Aifric ón tSicil.Tugann muintir na Cartaige aisghairm do Hannabal chuig An Chartaig)*

Interea <u>imperator</u> Romanus, nomine Scipio, ex Sicilia in Africam transivit. Prope Carthaginem ipsam pugnare voluit. Carthaginienses Romanis <u>resistere</u> vix poterant et Hannibalem domum <u>revocare</u> constituerunt.

Hannibal autem <u>gemens</u> et paene lacrimans verba legatorum audivit qui eum in Africam <u>revocaverunt</u>. Deinde iratus exclamavit: "Ego non <u>armis</u> Romanorum sed <u>invidia</u> Carthaginiensium victus sum. Nam cives mei novas <u>copias</u> ad me mittere noluerunt."

imperator: ginearál. resisto (+ Och.): cuirim in aghaidh. revoco: tugaim aisghairm.
gemens: cneadach. arma: uirlisí troda. invidia: éad.
copiae: fórsaí.

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. **[80]**
(Tá deich marc ag dul le gach ceist):-

*(Conas mar a fuair an hiasaintbhláth a ainm)*

Hyacinthus, filius regis Lacedaemonii, notus inter omnes propter pulchritudinem erat. Deus Apollo eum amabat. Olim Hyacinthus cum deo discum iaciebat.

Tum Zephyrus, deus venti, propter invidiam, quod puer Apollinem amabat, Zephyrum autem non amabat, ventum magnum emisit. Itaque ingens discus Apollinis caput Hyacinthi percussit. Statim Hyacinthus mortuus humi cecidit.

Postea in eo loco flos pulcher e terra surgebat. Hic flos ab omnibus 'hyacinthus' est vocatus.

Lacedaemonius: Spartach. propter: mar gheall ar. pulchritudo: áilleacht.
discus: diosca. invidia: éad. percutio: buailim.
cado: titim.

**(i)** Cerbh é Hyacinthus?
**(ii)** Cén fáth a raibh cáil air?
**(iii)** Cé a thug grá do Hyacinthus?
**(iv)** Cád a bhí ar siúl ag Hyacinthus agus Apalló lá amháin?
**(v)** Cérbh é Zephyrus?
**(vi)** Cén fáth a raibh éad air?
**(vii)** Cad a rinne Zephyrus?
**(viii)** Cad a rinne diosca ollmhór Apalló?
**(ix)** Cad a tharla do Hyacinthus?
**(x)** Cad a d'fhás san áit sin ina dhiaidh?
**(xi)** Tabhair na príomhranna de **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

sum, amo, iacio, emitto, surgo.

**(xii)** Tabhair an Tuiseal Cuspóireach, Uimhir Uatha de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

deus, ventus, puer, caput, flos.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag dul le gach roinn):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin air:-

**(a)** Bhí Persephone ag piocadh bláthanna lena cairde ina aice leis an uisce. (16)

**(b)** Thóg an Dia, Plútón, an cailín álainn chuig a ríocht. (16)

**(c)** Bhí brón ar a máthair, Ceres, mar bhí Plútón i ndiaidh a iníon a sciobadh uaithi. (16)

**(d)** Chuaigh Ceres ar thóir a iníne trí na dúichí ar fad. (16)

**(e)** Ansin chonaic sí seanfhear a raibh mac tinn aige. (16)

a phiocadh: lego, legere, legi, lectum (3). téigh ar thóir: quaero, quaerere, quaesivi, quaesitum (3).

**THALL→**

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(Céadsaothar Earcail: Maraíonn Earcail an leon Néimeach)*

Olim ingens leo in loco nomine Nemea habitabat. Incolae eius terrae leonem maxime timebant quod ferox erat. Rex Herculem leonem occidere et ad regiam portare iussit.
Hercules diu cum leone fuste et sagittis pugnabat. Sed frustra. Tandem Hercules leonem manibus suis occidere poterat.
Tum Hercules leonem mortuum in humeris ad regiam portavit. Ubi rex ipse leonem mortuum vidit perterritus erat. Rex Herculem iussit extra muros oppidi manere.

incola: áitritheoir. regia: pálás. fustis: slat, bata. sagitta: saighead.
humerus: gualainn.

**5. Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **cúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Mínigh go hachomair na cúinsí a ba chúis leis an gCéad Chogadh Púnach.
- **(ii)** Déan cur síos ar an mbealach a thóg Hannabal nuair a rinne sé ionradh ar an Iodáil sa Dara Cogadh Púnach
- **(iii)** Conas a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar na Rómhánaigh iad a bheith cloíte ag Loch Trasimene sa bhliain 217 R.Ch?
- **(iv)** Cad a tharla don Chartaig nuair a bhris na Rómhánaigh air sa bhliain 146 R.Ch?
- **(v)** Cérbh é Viriathus agus conas a tharraing sé trioblóid ar na Rómhánaigh?
- **(vi)** Ainmnigh **dhá cheann ar bith** de na leasuithe talún a rinne Tiberius Gracchus.
- **(vii)** Cerbh é Mithridates? Conas a tháinig sé i gcoimhlint leis na Rómhánaigh?
- **(viii)** Cérbh é Caitilíne? Cad a rinne sé iarracht a dhéanamh?
- **(ix)** Cad a tharla do Crassus, an tríú ball den Chéad Triúrach?
- **(x)** Cad iad na cúinsí inar úsáid Iúil Caesar na focail *veni, vidi, vici*?

**B.** Samhlaigh gur tusa **Sulla** agus go bhfuil tú díreach i ndiaidh éirí as an deachtóireacht. Scríobh litir chuig an Seanad ag cur síos ar gach rud atá déanta agat thar ceann na Róimhe. (20)

**NÓ**

Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna i ngníomhréim **Publius Scipio Africanus Maior**, buaiteoir Hannabal. (20)

**6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach**. Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **cúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén saghas oideachais a fuair cailín Rómhánach de ghnáth?
**(ii)** Cad ba *lararium* ann i dteach Rómhánach? Cá raibh sé suite de ghnáth?
**(iii)** Cad í an phríomhdhifríocht idir *domus* agus *villa*?
**(iv)** Cén cineál siamsaíochta a cuireadh ar fáil go minic ag *cena* Rómhánach?
**(v)** Cad ba *toga praetexta* ann? Cé a chaithfeadh é?
**(vi)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le sochraidí Rómhánacha.
**(vii)** Cén ról a bhí ag aedile sa stát Rómhánach?
**(viii)** Mínigh cén fáth a raibh na sclábhaithe Gréagacha ar na cinn ba chostasaí a bhí ann go minic.
**(ix)** Cén ról a bhí ag *augur* sa reiligiún Rómhánach?
**(x)** Cérbh iad na *equites* sa sochaí Rómhánach?

**B.** Féach ar an léaráid thíos den bhuaiteoir i rás carbaid atá ar tí glacadh lena phailm buachana agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:-



**(i)** Ainmnigh na **ceithre** dhath a thug aitheantas do na foirne éagsúla i rás carbaid. (4)

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá cheann** de na príomhghnéithe sa sorcas Rómhánach nó sa staidiam don rás carbaid. (6)

**(iii)** Samhlaigh gur carbadóir thú atá díreach tar éis rás carbaid a bhuachaint ag an *Circus Maximus*. Scríobh litir chuig cara ag déanamh cur síos ar an eachtra. (10)

Baineadh an léaráid le haghaidh C. 6B as www.vroma.org/~bmcmanus/circus.html

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán